

D'Eagarthóir *Inniu*, 25 Aibreán

A chara,

Ar shlí amháin nō ar shlí eile — trí ghlaoch gutháin, cuairt phearsanta, litir chugamsa nō ar na nuachtáin — chuir timpeall 60 daoine in iúl go bhfuil suim acu in "Iosrael in Iarchonnachta." Táid scapthe ar fud na hÉireann, tá triúr acu i Sasana, scríobh beirt ón Mór-roinn; ach tá an drong is mó i mBaile Átha Cliath. Cuid acu tá siad sásta cur fúthu láithreach san Iarthar ach gluaiseacht eagraithe, chomhchoitianta a bheith ann. Baineann siad le mórán gairmeacha beatha. Cuid acu táid pósta agus clann acu. Bé an Col. Eoghan Ó Néill an chéad duine a chuir a spéis in iúl dom (i ndiaidh an ailt sa *Times* agus i ndiaidh na litreacha a lean é). Thairg sé gach cabhair agus thug cruinniú priobháideach le chéile chun an scéim a phlé. Thairis sin, fuair mé curí eagsúla labhairt anseo is ansiúd. Níor chuir Roinn na Gaeltachta spéis ar bith in iúl.

D'fhreagair mé gach litir go pearsanta agus rinne mé liostaí d'ainmneacha agus seolta agus chuir cuid mhaith de na daoine in aithne dá chéile ar an mbealach seo. Bunaíodh dhá choiste i mBaile Átha Cliath, ceann amháin acu chun na daoine bhí ag scríobh chugam, agus daoine eile a raibh epéis acu, a thabhairt le chéile. Is féidir a rá gur ar na coistí seo a bhraitheann sé anois an gcuirfear oifigimirce, srl., ar bun. Thairis sin, thug mé liosta cuíosach iomlán ainmneacha agus seolta do Rúnaí Chumann Forbartha Chois Fharraige.

Tá mé buioch do Phroinsias Mac an hBeatha as ucht a fhiafraí (*Inniu* 11 Aibreán) an mbeadh fáilte roimh chuidiú airgid. Ní domsa a rá. Má scríobhann sé chuig "Plandáil Chonnacht," 139 Faiche Stiabhna. BÁC gheobhaidh sé freagra ón gcoiste.

Ach tabharfaidh mé mo thuairim phearsanta do Phroinsias i dtaoibh chuidiú airgid. Sílim nach bhfuil sé tábhachtach anois ná go ceann i bhfad. Tá daoine ag teastáil ar dtús agus is é atá i gceist agam ná daoine a mbeadh ceird nó scil eigin acu agus an toil chun a mbeatha a shaothrú in Iarchonnachta. D'fhásfadh saibhreas agus obair do dhaoine eile as an obair sin mar a d'fhás riamh ó Ádhamh i leith. Daoine den gcineál sin atá in easnamh anseo inniu thar gach ní eile. Nil óige Iarchonnacht ag foghlaim scileanna nua agus á gcur ag obair ina ndúiche féin. Deir an ghlúin atá fásta leo nach fiú a ndúiche an trioblóid sin, nach fiú dada í, gur ceart dóibh glanadh amach. Agus creideann an chuid is mó acu an tseanghlúin; thairis sin, motháionn siad a marbhántacht anama agus teicheadh uaithi amhail ón mbás.

Tagann an cathú orm go minic a rá go bhfuil an Ghaeltacht seo lofa le hairgead, is é sin go ndearna an t-airgead éasca lofa í. Ach tá fhios agam

ag an am céanna nach bhfuil iomlán na firinne ansin, nach ndéanann an t-airgead, éasca nó crua, rud ar bith do dhaoine ach an méid is toil leo féin. Mar sin féin, tá an cathú sin a luaigh mé intuigthe. Le breis is tríocha bliain anuas tá an t-airgead éasca dó seo agus dó siúd, ar an mbealach seo agus ar an mbealach siúd, ag éirí níos flúirsí i gcónai. Ar feadh na tréimhse céanna, tá an daonra, an toil chun oibre, an bród fearúil, an scil agus an saol a fhásann aisti *ag meath*.

Gan trácht ach ar mo pharóiste féin, cá bhfuil bród agus glóirréim Oileán Mhásúin, a shaoir cháiliúla, a lucht farraige? Cá bhfuil ceoltóirí agus damhsóirí Fhínise mar a dtéadh na fir óga sna curraigh um thráthnóna chun scléip a dhéanamh go maidin? Cá bhfuil déantúis Mhaighinse: na saoir chluíteacha bád, an tairneoir, an cuipéir, an fear déanta seolta, na fiodóirí — nó más mian leat, na déantúis nua a fhásfadhbh as na scileanna seo murar éag siad? (Cuireann sé fearg orm nuair a chloisim daoine i mBaile Átha Cliath ag caint faoi dhéantúis amhail is dá mba rud nua é i gConamara ceardlann a bhunú agus rudaí a dhéanamh!) Bhiodh go leor táilliúirí ann freisin. Ach sa lá atá inniu ann, fiú na fir a thagann chun mo dhorais le veain ag diol feola agus éisc, is daoine ón nGalltacht iad a labhrann Béarla. Agus an conraitheoir tógála a thógas na tithe nua le deontais Ghaeltachta an phobail Éireannaigh, is fear é as oirtheor na Gaillimhe a labhrann Béarla freisin. Níor thug aoinne de mhuintir an pharóiste faoin ngnó.

Airgead, a Phroinsias? B'fhearr daoine ar dtús. NÓ an fiú an tseanteanga seo a choinneáil beo ar chor ar bith? Iascairí an Chloiginn 30 míle ó thuaidh uainn, nach raibh ach curraigh acu ceithre bliana ó shoin, táid ag fágáil iascairí Charna ina ndiaidh — agus labhrann siadsan Béarla! Ní fhaigheann siad deontais Ghaeltachta — ansin ná sna Cealla Beaga!

DEASÚN FENNELL.